15 BLIANA Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

# Cum Dán

Is cineál filíochta darb ainm **Filíocht ó Bhéal** é an dán faoi na Spriocanna Domhanda atá léite nó cloiste agat. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin fáth a dtugtar an t-ainm sin air? Is mar gheall go mbíonn filíocht ó bhéal ceaptha lena léamh os ard. Ar ndóigh, is féidir leat an cineál sin filíochta a léamh duit féin freisin, ach de ghnáth déantar é a aithris nó a léiriú, mar a dhéanfá le dráma nó ceoldráma!

Déan iarracht píosa filíochta ó bhéal a scríobh faoi na Spriocanna Domhanda. Léigh an dán atá feicthe agat faoi na Spriocanna Domhanda, mar shampla. Ní gá duit scríobh faoi na spriocanna go léir (tá cuid mhaith acu ann!). Roghnaigh ceann nó dhó a bhfuil spéis agat ann nó iontu. Ansin, más mian leat, déan do dhán a aithris sa bhaile!